



An Bhruiséil, 19 Samhain 2021
(OR. en)

13894/21

Comhaid Idirinstitiúideacha:
2021/0218(COD)
2021/0203(COD)

ENER 493
CLIMA 372
ENV 873
CONSOM 260
TRANS 671
AGRI 542
IND 345
COMPET 816
ECOFIN 1088
RECH 506
CODEC 1472

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Plépháipéar ar na Treoracha maidir le Fuinneamh Inathnuaite agus maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh - Díospóireacht bheartais

Ag féachaint don Chomhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Fuinneamh) an 2 Nollaig 2021, gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn an plépháipéar ar na Treoracha maidir le Fuinneamh Inathnuaite agus maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh.

Plépháipéar ar na Treoracha maidir le Fuinneamh Inathnuaite agus maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh

An 14 Iúil 2021, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite (RED) agus athmhúnlú ar an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (EED) mar chodanna den Phacáiste ‘Oiriúnach do 55.’ Leis an togra maidir le RED, déantar an sprioc atá ann faoi láthair ar leibhéal an Aontais ‘32 % ar a laghad’ d’fhoinsí fuinnimh inathnuaite sa mheascán fuinnimh foriomlán a mhéadú go dtí 40 % ar a laghad faoi 2030. Moltar ann freisin fospríocanna agus bearta earnálacha a thabhairt isteach nó a fheabhsú ar fud na n-earnálacha, agus béim ar leith á leagan ar earnálacha ina raibh an dul chun cinn le comhtháthú na bhfoinsí inathnuaite fuinnimh níos moille go dtí seo, go háirithe i réimsí an iompair, na bhfoirgneamh agus an tionscail. Cé go bhfuil roinnt de na spriocanna agus na forálacha sin ceangailteach, tá roinnt eile díobh ar de chineál tascach fós iad.

Le hathmhúnlú EED moltar spriocleibhéal reatha AE (32.5 %) a mhéadú go dtí 36 % i gcás tomhaltas deiridh fuinnimh, agus 39 % i gcás tomhaltas príomhúil fuinnimh, agus moltar go leanfadh na ranníocaíochtaí náisiúnta le sprioc cheangailteach AE de bheith tascach. Ina theannta sin, cuirtear ar aghaidh ann roinnt forálacha chun iarrachtaí na mBallstát a mhéadú i réimse na héifeachtúlachta fuinnimh, amhail oibleagáidí agus rialacha coigiltis fuinnimh bliantúla a bhfuil sé d’aidhm acu tomhaltas fuinnimh na bhfoirgneamh san earnáil phoiblí a laghdú, chomh maith le bearta spriocdhírthe chun tomhaltóirí leochaileacha a chosaint. Is é is aidhm don Choimisiún éascú a dhéanamh ar bhaint amach chostéifeachtach sprioc 9 % an Aontais, agus é a áirithiú san am céanna go dtabharfar tús áite don éifeachtúlacht fuinnimh agus go mbainfear amach tairbhí iomadúla.

Faoi Uachtaránacht na Slóivéine, rinneadh dul chun cinn maith ar an dá chomhad. Sna tuarascálacha ar dhul chun cinn a cuireadh faoi bhráid Chomhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Fuinneamh) mhí na Nollag 2021, breathnaítear ar an dul chun cinn sin agus leagtar amach na príomh-shaincheisteanna atá fós gan réiteach. **Maidir leis an togra le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite**, tacaíonn formhór mór na dtoscaireachtaí go láidir le haidhm an togra agus le leibhéal foriomlán na huaillmhéine atá á mholadh. Mar sin féin, tá béim leagtha freisin ag na toscaireachtaí ar a thábhachtaí atá sé dóthain solúbthachta a fhágáil ag na Ballstáit chun na bearta is costéifeachtúla a chur i bhfeidhm agus iad féin a chur in oiriúint do na himthosca náisiúnta. D’athdhearbhaigh an Coimisiún gur gá an sprioc maidir le foinsí inathnuaite a mhéadú go 40 % chun dlús a chur leis an uaillmhian agus an laghdú 55 % ar astaíochtaí a bhaint amach ar bhealach costéifeachtach agus chuir sé na toscaireachtaí ar a suaimhneas nuair a dhearbhaigh sé go bhféadfadh sé gur ghá an t-athbhreithniú ar an Rialachán Rialachais a thabhairt ar aghaidh go dtí 2023, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an sásra chun bearnaí a líonadh. D’fhéadfadh an Coimisiún freisin treoir a eisiúint maidir leis na huasdátaithe ar na pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide i gcomhréir leis na tograí reachtacha a dhéantar.

Maidir leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, aithníonn formhór na mBallstát, tríd is tríd, a thábhachtaí atá éifeachtúlacht fuinnimh chun an cuspóir dícharbónaithe a bhaint amach agus, dá bhrí sin, aithníonn siad an gá atá le bearta breise éifeachtúlachta fuinnimh. Tá roinnt amhrais orthu maidir leis an modh ríofa atá beartaithe le haghaidh na spriocanna náisiúnta agus le haghaidh na n-oibleagáidí coigilte fuinnimh. Dá bhrí sin, tá siad i bhfabhar solúbthachta freisin maidir le bearta éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme. Cé go n-aontaíonn siad leis na cuspóirí, is ábhar inní do na Ballstáit freisin an t-ualach riaracháin is cosúil atá ag gabháil le roinnt de na forálacha nua, go háirithe maidir le foirgnimh na hearnála poiblí.

Ar bhonn an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo, agus chun treoir a leagan síos le haghaidh tuilleadh oibre, iarrtar ar na hairí tuairimí a mhalartú ar bhonn an dá cheist seo a leanas:

1. Cé méid a mheasann tú a dhéantar, leis na bearta atá beartaithe le haghaidh foinsí inathnuaite fuinnimh i bhfoirgnimh, sa tionscal agus san iompar, cothromaíocht mhaith a bhaint amach idir tacú le húsáid acmhainneacht earnála na bhfoinsí inathnuaite fuinnimh sin atá costéifeachtúil, agus aitheantas a thabhairt do na himthosca náisiúnta agus do na túsphointí éagsúla?
2. Cé méid a mheasann tú a dhéantar, leis na bearta dá bhforáiltear sa Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, cothromaíocht chóir a bhaint amach idir na hiarrachtaí méadaithe éifeachtúlachta fuinnimh a cheanglaítear ar na Ballstáit a dhéanamh agus a gcuntas i dtreo príomhspríoc éifeachtúlachta fuinnimh AE a bhaint amach, agus an gá atá le solúbthacht chun na himthosca náisiúnta a léiriú? Go háirithe, conas is féidir na solúbthachtaí sin a úsáid go leordhóthanach sna hoibleagáidí a bhaineann le foirgnimh na hearnála poiblí?